studyclix.ie
makes exams easier

Fón Póca/Teicneolaíocht | Sample Answer

JC 2017 Aiste (ii)

An tábhacht a bhaineann leis an teicneolaíocht *(the importance of technology)*

Mar is eol do gach duine, tá an teicneolaíocht an-tábhachtach sa **lá atá inniu ann** *(nowadays).* Tá an teicneolaíocht gach áit timpeall orainn. Tá ríomhaire againn, teilifíseán digiteacha sa seomra suí agus fón cliste inár bpóca – **gan trácht** *(without mentioning)* ar Alexa a bhíonn ag éisteacht linn ar fud an tí. **Ní féidir linn aon rud a dhéanamh gan an teicneolaíocht** *(we can't do anything without technology)*

Dhá phointe dhearfacha *(two positive points)*

Maidir liom féin, is breá liom an teicneolaíocht. **Táim in ann** *(I am able)* a lán rudaí a dhéanamh leí, mar shampla, **teachtaireachtaí a sheoladh** *(send messages)* chuig mo chairde, labhairt le mo chairde, féachaint ar scannáin agus ar na cláir theilifíse **is déanaí** *(latest).*

Tá an saol i bhfad níos éasca leis an teicneolaíocht freisin. Mar shampla, is féidir obair bhaile a dhéanamh an-tapa agus bím ábalta **treoracha** *(directions)* a fháil go héasca ar Google Maps.

Dhá phointe dhiúltacha *(two negative points)*

Faraor *(unfortunately),* caitheann roinnt daoine an **iomarca ama** *(too much time)* ag úsáid na teicneolaíochta, mar shampla, Facebook agus na **meáin shóisialta** *(social media)* eile.

Chomh maith leis sin, tarlaíonn an-chuid **bulaíochta** *(bullying)* ar líne. Bíonn daoine óga **ag fulaingt** *(suffering)* **i ngan fhios dá dtuismitheoirí ná dá múinteoirí** *(without their parents or teachers knowing).*

Moladh amháin atá agat féin do dhaoine *(one recommendation you have for people)*

Caithfimid a bheith cúramach nach gcaithimid an iomarca ama ar na meáin shóisialta. Tá go leor rudaí tábhachtacha eile sa saol – spórt, ceol agus go leor caithimh aimsire eile.